**Cuntas Leithreasa 2016**

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

## Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, is gá dom an cuntas leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena inniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, agus deontais san áireamh.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí-i-gcabhair.

Dlitear barrachas €1.22 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Feidhmíonn Rúnaí Ginearálta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 chomh maith, agus tá sé freagrach as oibriú na rialaithe laistigh de na Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Chuntasaíochta chun dearbhú neamhspleách a chur a fáil i dtaca le hoibriú rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí seo faoi stiúir gnóthais chuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhú Iontaofachta (ISAE 3402), a ceapadh chun rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte a thuairisciú do ranna úsáideora agus a gcuid iniúchóirí.

Is éard a bhíonn i gceist leis na hiniúchtaí seo ná (i) measúnú a dhéanamh ar ullmhacht chun rioscaí agus rialaithe gaolmhara a aithint agus anailís ar bhearnaí a chur ar fáil, comh maith le (ii) tuairisc a sholáthar ar dhearadh agus láithreacht rialaithe, agus (iii) tuairsc bhliantúil a sholáthar ar cé acu ar oibrigh nó nár oibrigh na rialaithe go héifeachtach.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar breac-chuntas ar dhul chun cinn a rinneadh i dtaca le cur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchóireachta agus táthar ag súil leis go ndéanfar torthaí dhearadh, láithreacht agus oibriú na rialaithe a thuairisciú dom, faoi mar a lagtar amach sa litir sin.

Bainim dearbhú as an gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte faoi mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb amhlaidh

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- go ndéantar athbhreithnithe míosúla ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- gurb ann do chórais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- go gcloítear le treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Faoi mar a éilítear ag ciorclán 40/2002 de chuid RCPA, tá tuarascáil curtha faoi bhráid agam faoi sholáthair i 2016 nach raibh bunaithe ar phróisis tairisceana iomaíche, ar luach iomlán €365,448. Bhí mar chuid de sin:

- €92,765 (3 chonradh) caite ar sheirbhísí síntiúis nach raibh ar fáil trí idirghabhálaithe,
- €123,266 (3 chonradh) caite ar sheirbhísí bainistithe cáis agus taifid a chuireadh ar fáil ag soláthróirí aonair,
- €149,416 (2 chonradh) caite ar sheirbhísí parlaiminteacha a bhí neamhchomhlíontach leis na rialacha soláthair.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Neartaigh an Oifig an fheidhm iniúchta inmheánaigh in 2015 trí speisialtóirí iniúchóireachta seachtracha a ghabháil leo. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

21 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

**Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta**

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san cuntas leithreasa.

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag Oifig an Ard-Aighne. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí | 15,483 | 14,221 | 13,995 |
| | **Ollchaiteachas** | **15,483** | **14,221** | **13,995** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **788** | **743** | **854** |
| | **Glanchaiteachas** | **14,695** | **13,478** | **13,141** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 1,216,801 | 1,889,100 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 11,200 | 10,283 | 10,115 |
| ii | Taisteal agus cothú | 130 | 153 | 147 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 600 | 637 | 577 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 64 | 65 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 559 | 653 | 658 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 156 | 142 | 158 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 20 | 41 | 20 |
| viii | Saineolas dlí conarthach | 401 | 215 | 125 |
| | | **13,136** | **12,188** | **11,865** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 2,033 | 2,130 |
| Pá | | 10,283 | 10,115 |
| Neamhpá | | 1,905 | 1,750 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,221** | **13,995** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **743** | **854** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,478** | **13,141** |
| | | | |
| **Athraithe sna sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (141) | | |
| Dímheas | 185 | | |
| | | 44 | 26 |
| **Athraithe i sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (30) | (20) |
| | | | |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Meadú ar fhabhruithe deiridh | (38) | | |
| Méadú ar stoc | 7 | | |
| | | (31) | 57 |
| **Caiteachas díreach** | | **13,461** | **13,204** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,367 | 1,536 |
| Meascíosanna | | 727 | 727 |
| **Costas chláir glan** | | **15,555** | **15,467** |

### 1.1 Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas faoi Vóta 3, atá mar mhuirear áit eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Pinsean agus Liúntais Scoir | 909 | 940 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 106 | 207 |
| Vóta 18 Seirbhísí Roinnte | 17 | 14 |
| Lárchiste - Pinsin maidir le iarArd-Aighní | 335 | 375 |
| | **1,367** | **1,536** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 421 | 465 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | 30 | — |
| | | **451** | **465** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 393 | (234) |
| Stoic | 2.5 | 33 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 197 | 185 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 1 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 112 | 128 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **735** | **120** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 67 | 94 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 433 | 11 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 72 | (117) |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **572** | **(12)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **163** | **132** |
| **Glansócmhainní** | | **614** | **597** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **614** | **597** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 597 | 660 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 14,695 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,217) | | |
| Vóta glan | | | 13,478 | 13,141 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 1,367 | 1,536 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 727 | 727 |
| Costas chláir glan | 1 | | (15,555) | (15,467) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **614** | **597** |

**2.2 Sócmhainní Caipitiúla**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 4,635 | 1,680 | 6,315 |
| Breiseanna | 136 | 5 | 141 |
| Diúscairtí | (19) | (5) | (24) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 4,752 | 1,680 | 6,432 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 4,229 | 1,551 | 5,850 |
| Dímheas don bhliain | 154 | 31 | 185 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (19) | (5) | (24) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 4,434 | 1,577 | 6,011 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **318** | **103** | **421** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **336** | **129** | **465** |

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt**

| | Ríomh-fheidhmeanna Inmheánacha | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | — | 21 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 30 | 20 |
| Aistrithe go chlár na sócmhainní | — | (41) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 30 | — |

**2.4 Banc agus airgead tirim**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 393 | (235) |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | — | 1 |
| | 393 | (234) |

**2.5 Stoic**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 15 | 17 |
| Tomhaltáin TF | 18 | 23 |
| | 33 | 40 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Comhchostais fhorchúiteacha | — | 35 |
| Cuntas rialaithe tuarastail | 14 | 13 |
| Scéim pas taistil | 55 | 38 |
| Ilghnéitheach | 5 | 4 |
| | 112 | 128 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 267 | — |
| Árachas Sóisialta Pá-Coibhneasta | 119 | — |
| Cáin Iarchoimeádach do Sheirbhísí Gairmiúla | 8 | 11 |
| Cáin Bhreisluacha | 38 | --- |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | --- |
| | 433 | 11 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,217 | 1,889 |
| Deontas Státchiste neamhtarraingthe | (1,145) | (2,006) |
| Glandliteanas don Státchiste | 72 | (117) |
| **Léirithe mar:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 112 | 128 |
| Banc agus airgead tirim | 393 | (234) |
| | 505 | (106) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (433) | (11) |
| | 72 | (117) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 207 | 363 |

# 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteideal

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,200 | 10,283 | 10,115 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,936 | 1,905 | 1,750 |
| A.3 | Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta | 38 | 34 | 34 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,119 | 1,878 | 2,002 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 190 | 121 | 94 |
| | | 15,483 | 14,221 | 13,995 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.262 milliún níos ísle ná mar a fhoráileadh. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná a foráladh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 917 | Tharla coigilteas de bharr fholúntais ag tógáil níos faide ná mar a ceapadh a líonadh. |
| Riarachán - neamhphá | 31 | Rinneadh sábháiltí mar gheall ar riachtanas laghdaithe do shaineolas dlíthiúil chonradh. Rinneadh na coigiltí fritháireamh ar farasbairr i taistil agus cothabhála, oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha agus trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha. |
| Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 241 | D´eascair coigilteas faoi chúrsaí pá mar gheall ar an méid ama a thóg sé leis na folúntais don Choimisinéir agus don Stiúrthóir Taighde a líonadh. |
| Caiteachais ghinearálta dlí | 69 | Tá sé deacair meastachán ar líon na gcásanna agus leibhéal na gcostas a bhaineann leo ó bhliain go bliain. Le linn 2016 bhí níos lú airgid ná mar a bhíothas ag súil leis dlite d'Abhcóidí. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Faighte** | **Faighte** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 8 | 134 | 140 |
| 2. | Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí | 780 | 609 | 714 |
| | **Iomlán** | **788** | **743** | **854** |

**Athraithe suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos i gcás gach ceannteideal mar a raibh an táirgeacht éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 10%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (126) | Bhí leithreasaí ilghnéitheach i gcabhair níos airde ná mar a ceapadh de bharr cíosa faighte ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun athligean urlár ar cheann de a n-áitreabh nach raibh san áireamh i mheastachán 2016. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 171 | Bhí fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean níos lú ná mar a ceapadh ar aon dul le costais tuarastail níos lú ná mar a ceapadh. Mar a luaitear roimhe seo, thóg na folúntais thuasluaite níos faide ná mar a ceapadh a líonadh. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisigh lánaimseartha) | 150 | 151 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 9,450 | 9,309 |
| Liúntais i leith dualgais arda, speisialta nó bhreise | 81 | 69 |
| Ragobair | 16 | 12 |
| ÁSPC Fostóra | 736 | 725 |
| **Pá Iomlán** | **10,283** | **10,115** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 14 | 3 | 18,518 | 21,406 |
| Ragobair agus freastal breise | 5 | — | 1,510 | 1,495 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | — | 8,870 | — |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Costais dlí íoctha ag an Oifig | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag fostaithe/iarfhostaíthe** | — | — | — | — | 92 |